C/2024/7451

13.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11794 – SAGAX / SWISS LIFE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7451)

1. An 28 Samhain 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AB Sagax (publ) ('Sagax', an tSualainn),

— Swiss Life Investment Management Holding AG ('SLIM', an Eilvéis), faoi rialú Swiss Life Holding ('Swiss Life', an Eilvéis),

— Comhfhiontar nuachruthaithe (an 'JV', an Iorua).

Gheobhaidh Sagax agus SLIM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— Tá Sagax gníomhach sa mhargadh a bhaineann le réadmhaoin a ligean ar cíos. Tá réadmhaoin tráchtála faoina úinéireacht agus faoina bhainistiú, agus díríonn sé ar thrádstóras agus réadmhaoin tionsclaíche éadroime sa tSualainn, san Fhionlainn, sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Bheilg, sa Spáinn, sa Ghearmáin agus sa Danmhairg,

— Soláthraíonn SLIM agus Swiss Life réitigh chuimsitheacha saoil, pinsean agus airgeadais. Tá siad gníomhach sna hearnálacha árachais saoil, infheistíochta agus bainistíochta sócmhainní, agus cuireann siad réitigh sochair fostaithe ar fáil do chorparáidí ilnáisiúnta san Eoraip agus san Áise,

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: réadmhaoin mhiondíola a ligean ar cíos do thríú páirtithe san Fhionlainn.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11794 – SAGAX / SWISS LIFE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË